

# Deontas Méala

## Cad is Deontas Méala ann?

Íocaíocht atá bunaithe ar ranníocaíochtaí ÁSPC is ea Deontas Méala. Íoctar é ar bhás duine de na daoine seo a leanas:

- duine faoi árachas,
- céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir duine faoi árachas,
- baintreach, baintreach fir nó páirtneir sibhialta marthanach duine faoi árachas,
- leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois (sa chás go bhfuil ceachtar tuismitheoir nó an duine a raibh cónaí ar an leanbh leis/léi de ghnáth ag sásamh na gcoinníollacha ranníocaíochta Árachais Shóisialaigh),
- leanbh faoi bhun 22 bliain d'aois má tá sé/sí ag gabháil d'oideachas lánaimseartha (sa chás go bhfuil ceachtar tuismitheoir nó an duine a raibh cónaí ar an leanbh leis/léi de ghnáth ag sásamh na gcoinníollacha ranníocaíochta Árachais Shóisialaigh),
- leanbh atá idir 16 agus 22 bliain d'aois agus atá ag fáil Liúntas Míchumais (sa chás go bhfuil ceachtar tuismitheoir nó an duine a raibh cónaí ar an leanbh leis/léi de ghnáth ag sásamh na gcoinníollacha ranníocaíochta Árachais Shóisialaigh),
- pinsinéir ranníocach,
- céile, páirtneir sibhialta nó comhchónaitheoir pinsinéara ranníocaigh,
- duine fásta cáilithe pinsinéara ranníocaigh,
- leanbh cáilithe,  
nó
- dílleachta a fhaigheann Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó ar bhás a c(h)aomhnóra.

### Tabhair faoi deara

**Ní mór duit foirm iarratais BG 1 a chomhlánú. Tá íocaíocht an Deontais Méala faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha árachais shóisialaigh atá leagtha amach sa leabhrán seo.**

Má fhaigheann duine bás mar thoradh ar thimpiste san obair, nó mar gheall ar ghalar forordaithe ceirde, nó má bhí Pinsean Míthreorach á fháil aige/aici ar measadh gurbh fhiú 50% nó níos mó é aimsir a b(h)áis, seans go bhfaighidh tú Deontas Sochraide ar an ráta céanna leis an Deontas Méala.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## Cén uair a íoctar Deontas Méala?

Íoctar Deontas Méala:

- ar bhás duine a shásaíonn na coinníollacha ranníocaíochta árachais shóisialaigh nó ar bhás a c(h)éile, a p(h)áirtnéara sibhialta, a c(h)omhchónaitheora nó a c(h)leithiúnaithe cáilithe,  
**nó**
- ar bhás duine a bhí ag fáil Pinsean Ranníocach nó ar bhás a c(h)éile, a p(h)áirtnéara sibhialta, a c(h)omhchónaitheora nó a c(h)leithiúnaithe cáilithe,  
**nó**
- ar bhás duine a bhí ag fáil Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach) nó ar bhás a c(h)aomhnóra.

## Céard iad na coinníollacha ranníocaíochta ÁSPC?

Is iad na coinníollacha árachais shóisialaigh is gá a shásamh le cáiliú ná gur gá go mbeadh na nithe seo a leanas ag an duine a bhfuil an t-iarratas bunaithe ar a t(h)aifead árachais shóisialaigh (an duine faoi árachas):

- 156 ranníocaíocht árachais shóisialaigh íoctha ó thosaigh sé/sí ag gabháil d'fhostaíocht inárachais,

### **nó**

- 26 ranníocaíocht árachais shóisialaigh íoctha ó thosaigh sé/sí ag gabháil d'fhostaíocht inárachais,

### **agus ceachtar díobh seo**

- 39 seachtain d'árachas sóisialach íoctha nó creidiúnaithe sa dara bliain chánach dheireanach chríochnaithe roimh thús na bliana sochair ina bhfuil an dáta bainteach (.i. má tharla an bás i rith 2013, is í 2011 an bhliain bhainteach),

### **nó**

- meán bliantúil 39 seachtain d'árachas sóisialach íoctha nó creidiúnaithe sna 3 nó 5 bliana cánach atá críochnaithe díreach roimh an mbliain chánach chríochnaithe dheireanach roimh thús na bliana sochair ina bhfuil an dáta bainteach (.i. má tharla an bás i rith 2013, is iad 2009-2011 nó 2007-2011 na blianta bainteacha), **nó**

- meán bliantúil 26 seachtain d'árachas sóisialach íoctha nó creidiúnaithe ó 6/4/1979 (nó ó thosaigh sé/sí ag obair, má tharla sé seo ar dháta ina dhiaidh sin) agus deireadh na bliana cánach deireanaí críochnaithe roimh thús na bliana sochair ina bhfuil an dáta bainteach (.i. má tharla an bás i rith 2013, tá na blianta bainteacha i gceist suas go dtí 2012), **nó**

- meán bliantúil 26 seachtain d'árachas sóisialach íoctha nó creidiúnaithe ó 1/10/1979 (nó ó thosaigh an duine ag obair, má tharla sé seo ar dháta ina dhiaidh sin) agus deireadh na bliana cánach deireanaí críochnaithe roimh thús na bliana sochair ina bhfuil an dáta bainteach (.i. má tharla an bás i rith 2013, tá na blianta bainteacha i gceist suas go dtí 2012).

Áirítear ranníocaíochtaí Árachais Shóisialaigh in Aicmí ÁSPC A, B, C, D, E, H, S agus ranníocaíochtaí deonacha ar mhaithe le cáiliú le haghaidh Deontas Méala.

## An bhfuil árachas sóisialach ó thíortha taobh amuigh d'Éirinn san áireamh?

Más rud é nach bhfuil go leor ranníocaíochtaí Éireannacha déanta ag an duine a bhfuil an Deontas Méala á bhunú ar a t(h)aifead árachais ina (h)aonar le cáiliú le haghaidh an deontais, is féidir ranníocaíochtaí a chur leis a íocadh i dtír atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE nó a bhfuil Comhaontú Déthaobhach Leasa Shóisialaigh aici le hÉirinn, fad is go bhfuil seachtain amháin árachais shóisialaigh inríofa ar a laghad íoctha ag an duine seo atá faoi árachas, tar éis dó/di filleadh ar Éirinn agus roimh an dáta báis.

Ba chóir duit sonraí a lua ar an bhfoirm iarratais faoi fhostaíocht nó tréimhsí cónaithe ar bith sna tíortha atá liostaithe thíos. Seolfaimid na páipéir bhainteacha ar do shon chuig na húdaráis sa tír nó sna tíortha atá i gceist.

### **Is iad na tíortha atá cuimsithe faoi Rialacháin an CE nó faoi Chomhaontú Déthaobhach ná:**

- An Astráil
- An Ostair
- An Bheilg
- An Bhulgáir
- Ceanada
- Oileáin Mhuirnloch
- Poblacht na Seice
- An Danmhairg
- An Eastóin
- An Fhionlainn
- An Fhrainc
- An Ghearmáin
- An Ghréig
- An Ungáir
- An Íoslainn
- Éire
- Oileán Mhanann
- An Iodáil
- An tSeapáin
- An Laitvia
- Lichtinstéin
- An Liotuáin
- Lucsamburg
- Málta
- An Nua-Shéalainn
- An Iorua
- An Pholainn
- An Phortaingéil
- Poblacht na Cipire (Deisceart na Cipire)
- Poblacht Chóiré
- An Rómáin
- An tSlóvaic
- An tSlóivéin
- An Spáinn
- An tSualainn
- An Eilvéis
- An Ísiltír
- An Ríocht Aontaithe
- Stáit Aontaithe
- Mheiriceá

## Cá mhéad is fiú an Deontas Méala?

Is íocaíocht aon uaire €850 é an Deontas Méala le haghaidh básanna a tharla ar, nó i ndiaidh 6 Nollaig 2006.

## Conas a fhaightear an íocaíocht?

Íocfar an t-airgead díreach isteach i gcuntas bainc nó i gcuntas in institiúid airgeadais an té atá freagrach as an mbille sochraide a íoc.

## Conas agus cén uair ba cheart iarratas a dhéanamh?

Ba chóir duit foirm iarratais **BG 1** a chomhlánú taobh istigh de 12 mhí ón dáta báis. Mura gcuireann tú iarratas isteach in am, d'fhéadfá an íocaíocht a chailleadh.

Seol an fhoirm iarratais chuig:

### Rannóg an Deontais Méala

An Roinn Coimirce Sóisialaí  
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

Guthán: (071) 91 57100

Íosghlao: 1890 500 000

Glaoigh ar +353 71 91 57100 ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

**Cé na doiciméid is gá dom a chur ar fáil in éineacht le m'iarratas:**

1. Cruthúnas báis: Deimhniú Báis, Deimhniú Cróinéara, Deimhniú Eatramhach Cróinéara, litir ó dhochtúir nó gearrthóg fógra báis ó nuachtán.
2. Cruthúnas freagrachta as an mBille Sochraide: Bille nó admháil sochraide ar a bhfuil ainm an iarratasóra. Ní leor bille sochraide a bhfuil seoladh lonadaithe an Duine Mhairbh scríofa air. Má tá duine eile seachas an t-iarratasóir ainmnithe ar an mbille nó an admháil sochraide, beidh gá le cead scríofa ón duine seo le haghaidh an iarratasóra.

**Ní ghlacaimid le fótachóipeanna de dheimhnithe ná de dhoiciméid eile.**

**Tabhair faoi deara, le do thoil, go mb'fhéidir go mbeadh eolas breise de dhíth orainn i gcásanna áirithe. Má tá/bhí an duine a fuair bás nó a c(h)éile, a p(h)áirtnéir sibhialta nó a c(h)omhchónaitheoir ina f(h)ostaí sa tseirbhís phoiblí atá/a bhí imithe ar scor, d'fhéadfaí an t-éileamh a éascú trí dhuillín pinsin a chur faoi iamh.**

## Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (Uimh. PSP)

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar Dheontas Méala do chéile, páirtnéir nó leanbh, ní mór duit d'Uimh. PSP féin a chur ar fáil, chomh maith le huimhir PSP an duine mhairbh. Más rud é nach bhfuil na huimhreacha seo ar eolas agat, déan teagmháil le d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh, le do thoil. Inseoidh siad na hUimhreacha PSP duit. Más rud é nach bhfuil ceann acu agat, inseoidh siad duit céard is gá a dhéanamh chun uimhir a fháil.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar **[www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)**.

## Íocaíochtaí Eile le Baintreacha, Baintreacha Fir nó le Páirtnéirí Sibhialta Mharthanacha

Más baintreach, baintreach fir nó páirtnéir sibhialta marthanach thú, seans go bhfuil tú i dteideal íocaíochtaí breise ón Roinn seo, amhail:

Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh, rud a íoctar ar bhás céile nó páirtnéara shibhialta. Tá an pinsean seo bunaithe ar do ranníocaíochtaí árachais shóisialaigh féin nó ar ranníocaíochtaí do chéile nó do pháirtnéara shibhialta nach maireann.

Íocaíocht faoi réir tástáil maoiné is ea an Pinsean Neamhranníocach do Bhaintreacha, Baintreacha Fir agus Páirtnéirí Sibhialta Marthanacha agus íoctar é le baintreacha, baintreacha fir agus páirtnéirí sibhialta marthanacha atá faoi bhun 66 bliain d'aois agus nach sásaíonn na critéir cháilitheachta don Phinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Sibhialta Marthanaigh.

Le tuismitheoir a bhfuil páiste cáilithe amháin aici nó aige ar a laghad agus ar baintreach, baintreach fir, nó páirtnéir sibhialta marthanach a bhí inti nó ann an 1 Nollaig 1999 nó ina dhiaidh sin, a íoctar an Deontas do Thuismitheoir ar Bhaintreach nó Baintreach Fir nó Páirtnéir Sibhialta Marthanach í nó é.

Má tharla an bás mar gheall ar thimpiste oibre nó galar forordaithe ceirde, d'fhéadfadh teidlíocht a bheith ag an mbaintreach, an baintreach fir nó an páirtnéir sibhialta marthanach i leith Deontas Báis faoin Scéim Díobhálacha Ceirde.

Arna eisiúint ag:  
Seirbhísí Eolais  
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh  
Bóthar an Choláiste  
Sligeach

Má tá tuilleadh eolais uait:

- Logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).
- Líne Eolais Íosghlao **1890 66 22 44** nó glaoigh ar **+353 71 91 93313** ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.
- Buail isteach chuig d'Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh nó chuig an Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Má bhí an duine marbh ag fáil Pinsean Míthreorach a bhí measúnaithe ag 50% nó níos airde, d'fhéadfadh teidlíocht uathoibríoch a bheith ag an mbaintreach, an baintreach fir nó an páirtneir sibhialta marthanach i leith Pinsean Sochar Báis. Tá Pinsean Sochar Báis iníoctha ar ráta níos airde ná mar atá Pinsean Ranníocach Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtneara Sibhialta Mharthanaigh.

Má tá tuilleadh eolais uait, logáil isteach ar [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie).

## Bás a chlárú

Ní mór an bás a chlárú chun deimhniú báis a fháil. Nuair atá bás á chlárú agat, tá Uimhir PSP an duine a fuair bás de dhíth. Mura bhfuil a (h)Uimhir PSP agat, déan teagmháil leis an Oifig áitiúil Leasa Shóisialaigh. Tá níos mó eolais le fáil ar bhásanna a chlárú ar an Idirlíon ag:

[www.groireland.ie/registering\\_a\\_death.htm](http://www.groireland.ie/registering_a_death.htm).

Is féidir deimhniú báis a fháil ón bPríomh-Chláráitheoir Breitheanna, Básanna agus Póstaí (i do cheantar féin) nó ó:

### An Phríomh-Oifig Chlárúcháin

Oifigí an Rialtais  
Bóthar an Chlochair  
Ros Comáin

Guthán: (090) 66 32900

Íosghlao: 1890 252 076

Glaoigh ar +353 90 66 32900 ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann.

## Tabhair faoi deara

**D'fhéadfadh rátaí difriúla a bheith á ngearradh ag soláthraithe seirbhíse éagsúla ar úsáid uimhreacha 1890 (Íosghlao).**

**Is mar threoir amháin atá an bhileog seo, agus ní fhéachtar le léirmhíniú dlíthiúil a sholáthar inti.**